


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Oifig um Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD |
| **Scoil \| Aonad** | UCD Ar Fud na Cruinne |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair:** | Oifigeach Earcaíochta (Bainistíocht Cainéal) |
| **Tréimhse an Phoist** | Téarma Seasta Sealadach, 3 bliana |
| **Grád** | Oifigeach Riaracháin II |
| **Scála Tuarastail** | €52,519 - €67,129 in aghaidh na bliana |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme** | Cumarsáid & Margaíocht - CM-3-A – Leibhéal Gairme 3 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2020-11-034 |
| **Bainisteoir Líne** | Stiúrthóir Comhlach, Earcaíocht Mac Léinn Idirnáisiúnta (nó ainmní) |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 019778 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Natalia McDonagh |
| **Iarratais agus Dáta Deiridh** | https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/ |
| **Incháilithe do Chead Oibre** | Níl |

## Achoimre ar an bPost:

Stiúrann agus treoraíonn UCD Ar Fud na Cruinne straitéisí dhomhanda na hollscoile ag soláthar saincheannaireachta i gcomhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht, i mac léinn idirnáisiúnta a earcú agus a thacú, i dteacht agus imeacht foirne agus mac léinn agus sna gnéithe idirnáisiúnta d'eispéireas na mac léinn.

Trí chaidreamh a threisiú le páirtithe leasmhara seachtracha, feidhmíonn UCD Ar Fud na Cruinne sa spás ina n-idirghníomhaíonn an ollscoil agus an pobal idirnáisiúnta le chéile. Tacaíonn sí le ceannairí na hollscoile chun beartas a mhúnlú, oibríonn sí le Coláistí/Scoileanna agus le haonaid tacaíochta eile chun seachadadh a chinntiú, agus téann sí i mbun plé le mic léinn agus le baill foirne chun rath agus tionchar a thomhas.

Is i mBaile Átha Cliath atá ceanncheathrú UCD Ar Fud na Cruinne agus chomh maith leis sin stiúrann agus bainistíonn sí líonra Ionad Domhanda na hollscoile, a fheidhmíonn mar mhoil do ghníomhaíocht UCD i Meiriceá Thuaidh, sa tSín, san Áis Theas, i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus sa Mheánoirthear.

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar phost mar Oifigeach Earcaíochta (Bainistíocht Cainéal). Ag tuairisciú don Bhainisteoir Earcaíochta (Margaí Domhanda & Oibríochtaí) (nó ainmnithe), tacóidh sealbhóir an phoist le hearcú mac léinn idirnáisiúnta na hollscoile trí bhainistiú líonra gníomhairí/ionadaithe oideachais UCD, agus trí ghníomhaíocht spriocdhírithe i ndáil le tiontú mac léinn.Baineann an ról seo le meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na mbealaí earcaíochta agus anailís a dhéanamh ar mhéadrachtaí comhshó mac léinn chun tuarascálacha mionsonraithe agus comhairle straitéiseach a tháirgeadh, ag comhoibriú go dlúth le foirne i mBaile Átha Cliath agus ar fud Ionaid Dhomhanda UCD.

© UCD Human Resources